Ruathar anama

Deirtear nárbh annamh loingeas
De thríocha bád fada Lochlannach
A slí a dhéanamh an abhainn aníos
Ciúnas na maidí rámha san uisce marbh
Mar a bheadh an lionn i súil an fhir dhaortha
Ar mhothú ribí na cnáibe ar bhac a mhuineáil.

An manach ina chillín tá cromtha ar bhreacaireacht
Ag éalú ó na hanamfhocail a ghrean sé iliomad uair
A mbrí ligthe le sruth ornáideach na screaptra
Dúch ar dhath na fola á scríobadh ar chraiceann lao
Cuirfidh sé a scíthpheannaireacht i gcrích
Sara bhfillfidh ar mhóradh na litreacha órga.

Súgán an tsoiscéil nua castar de loime cloch
Sníomhtar díochlaontaí is geirinn, á bhfostú go teann
Baintear dath an ghaill de dhlúth is d'inneach cré úir
Cealaíonn gach líne loinnireach ghlé an chuimhne dhubh
Tostann gnúsacht gharbh na ndraoithe nár thuig
Go soilseofaí an bealach sula ndéanfar de greallach.

Ceistíonn sé ginealach na n-órfhocal a rianaítear de ghob géar
Lorgaíonn treo na gaoithe a shéid an pár seo ina threo
N'fheadair sé an fada a mhairfidh splancfhuinneamh na núíosachta
Nó cathain a leathfaidh an ceo faoi choim na seanaimsire
Cuirfidh sé a bheatha go fóill i ngeall ar bhriathra diamhra
A chanfaidh a gceol ar sciatháin an choilm bháin.

Ar ór na cruinne ní fhillfidh ar na sailm choíche

Nó biorann a chluas le rinnsracadh cruach

Slogtar an moladh naofa i nglugarnach chró

Iompaíonn an lá ina scread léanmhar oíche.

Maireann rian na scíthe i bportach lár tíre

Scaipeadh an sceimhle de dhroim snapadh claímh.